Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B RIALACHÁN (AE) Uimh. 1379/2013 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 11 Nollaig 2013

maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle

(IO L 354, 28.12.2013, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Council Regulation (EU) No 1385/2013 of 17 December 2013 (*)	L 354	86	28.12.2013
►M2	Rialachán (AE) 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015	L 133	1	29.5.2015
►M3	Rialachán (AE) 2020/560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2020	L 130	11	24.4.2020

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

▼B

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1379/2013 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 11 Nollaig 2013

maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis seo comheagrú margaidh i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe (CEM).

2. Is éard a bheidh i CEM na heilimintí seo a leanas:

(a) eagraíochtaí gairmiúla;

(b) caighdeáin mhargaíochta;

(c) faisnéis do thomhaltóirí;

(d) rialacha iomaíochta

(e) faisnéis faoin margadh.

3. Déanfar CEM a fhorlíonadh i ndáil le gnéithe seachtracha le Rialachán (AE) Uimh. 1220/2012 ón gComhairle an 3 Nollaig 2012 ([1]), agus le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

4. Beidh tacaíocht airgeadais ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme CEM i gcomhréir le gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais amach anseo lena mbunófar na coinníollacha maidir leis an tacaíocht airgeadais don bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020.

Airteagal 2

Raon Feidhme

Beidh feidhm ag CEM maidir leis na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ar táirgí iad a mhargaítear san Aontas.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1220/2012 ón gComhairle an 3 Nollaig 2012 maidir le bearta a bhaineann le trádáil chun an soláthar táirgí áirithe iascaigh le próiseálaithe an Aontais a áirithiú ó 2013 go dtí 2015 (IO L 349, 19.12.2012, lch. 4.)

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe (IO L 316, 14.11.2012, lch. 18).

▼B

Airteagal 3

Cuspóirí

Is iad cuspóirí CEM na cuspóirí sin a leagtar síos in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Airteagal 4

Prionsabail

Beidh mar threoir ag CEM prionsabail an dea-rialachais a leagtar síos in Airteagal 3 de de Rialachán (AE) 1380/2013.

Airteagal 5

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 1380/2013, chomh maith leis na sainmhínithe dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ([2]), in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus óngComhairle ([4]), agus in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin:

(a) ciallaíonn "táirgí iascaigh" orgánaigh uisceacha ar toradh aon ghníomhaíochta iascaigh iad nó táirgí a dhíorthaítear uathu, mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I;

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Parlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle an 11 Nollaig 2013 ar an Comhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (Féach leathanach 22 den Iris Oifigiúil seo).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE)847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, p. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón Choimisiún Eorpach, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón Choimisiún Eorpach, Treoir 200/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón Choimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12 2008, lch. 16).

▼B

(b) ciallaíonn "táirgí dobharshaothraithe" orgánaigh uisceacha, ag aon chéim dá saolré, ar toradh aon ghníomhaíochta dobharshaothraithe iad nó táirgí a dhíorthaítear uathu, mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I;

(c) ciallaíonn "táirgeoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a úsáideann modh táirgthe chun táirgí iascaigh nó dobharshaothraithe a fháil d'fhonn iad a chur ar an margadh.

(d) ciallaíonn "an earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe" an earnáil den gheilleagar a chuimsíonn gach gníomhaíocht táirgthe, phróiseála agus mhargaíochta a bhaineann le táirgí iascaigh nó dobharshaothraithe;

(e) ciallaíonn "cur ar fáil ar an margadh" aon soláthar de tháirge iascaigh nó dobharshaothraithe atá ceaptha lena dháileadh, lena chaitheamh nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíochta tráchtála, ar íocaíocht nó saor in aisce;

(f) ciallaíonn "cur ar an margadh" an chéad uair a chuirtear táirge iascaigh nó dobharshaothraithe ar fáil ar mhargadh an Aontais;

(g) ciallaíonn "miondíol" láimhseáil agus/nó próiseáil bhia agus é a stóráil ag an bpointe díola leis an tomhaltóir deiridh nó ag an bpointe seachadta ar an tomhaltóir deiridh, lena n-áirítear críochfoirt dáilte, oibríochtaí lónadóireachta, ceaintíní monarchan, lónadóireacht in institiúidí, bialanna agus oibríochtaí comhchosúla eile seirbhísí bia, siopaí, ionaid dáilte ollmhargaí agus asraonta mórdhíola;

(h) ciallaíonn "táirge iascaigh agus dobharshaothraithe réamhphacáilte" táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ar "bia réamhphacáilte" iad de réir mar a dtagraítear dóibh i bpointe (e) d'Airteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1169/2011.

CAIBIDIL II

EAGRAÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA

ROINN I

Bunú, cuspóirí agus bearta

Airteagal 6

Eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh agus eagraíochtaí táirgeoirí dobharshaothraithe a bhunú

1. Féadfar eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh agus eagraíochtaí táirgeoirí dobharshaothraithe ("eagraíochtaí táirgeoirí") a bhunú mar ghrúpa ar thionscnamh ó tháirgeoirí táirgí iascaigh nó táirgí dobharshaothraithe, i mBallstát amháin nó níos mó agus iad a aithint i gcomhréir le Roinn II.

2. I gcás inarb iomchuí, déanfar staid shonrach táirgeoirí iascaigh cladaigh ar scála beag a chur san áireamh chun eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú, i gcás inarb iomchuí.

▼B

3. Féadfar eagraíocht táirgeoirí a bhunú mar ghníomhaíochtaí táirgeoirí iascaigh agus dobharshaothraithe más comheagrú í a dhéanann ionadaíocht ar na hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe araon.

Airteagal 7

Cuspóirí eagraíochtaí táirgeoirí

1. Saothróidh eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh na cuspóirí seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí inmharthana agus inbhuanaithe iascaireachta a chur chun cinn ar gníomhaíochtaí iad arna ndéanamh ag a gcuid ball agus an beartas comhshaoil á chomhlíonadh ina iomláine, go háirithe de réir mar a leagtar síos é, i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus sa dlí comhshaoil, agus an beartas sóisialta á urramú ag an am céanna. I gcás ina ndéanann an Ballstát lena mbaineann foráil don mhéid sin, beidh an eagraíocht táirgeoirí iascaigh rannpháirteach freisin i mbainistiú acmhainní bitheolaíocha na mara.

(b) gabhálacha stoc tráchtála nach bhfuil de dhíth a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir agus, i gcás inar gá, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na gabhálacha sin, gan margadh a chruthú dóibh siúd atá faoin íosmhéid tagartha caomhantais, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(c) rannchuidiú le hinrianaitheacht táirgí iascaigh agus rochtain ar fhaisnéis shoiléir, chuimsitheach do thomhaltóirí.

(d) rannchuidiú le deireadh a chur le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte.

2. Saothróidh eagraíochtaí táirgeoirí dobharshaothraithe na cuspóirí seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn ar gníomhaíochtaí iad arna ndéanamh ag a gcuid ball trí dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh fhorbairt na ngníomhaíochtaí sin agus an beartas comhshaoil agus, gó háirithe, agus go háirithe de réir mar a leagtar síosRialachán (AE) Uimh. 1380/2013 á chomhlíonadh ina iomláine agus laistigh de dhlí comhshaoil, agus an beartas sóisialta á urramú;

(b) a fháil amach cibé an bhfuil gníomhaíochtaí a mball ag teacht leis na pleananna náisiúnta straitéiseacha dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(c) iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go dtagann táirgí beatha dobharshaothraithe de bhunadh iascaigh ó iascaigh atá á mbainistiú go hinbhuanaithe.

3. I dteannta na gcuspóirí atá leagtha síos i mír 1 agus i mír 2, saothróidh na heagraíochtaí táirgeoirí dhá cheann nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas:

(a) feabhas a chur ar na coinníollacha faoina gcuirtear táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe a gcuid ball ar an margadh;

(b) feabhas a chur ar shochair eacnamaíocha;

(c) na margaí a chobhsú;

▼B

(d) rannchuidiú leis an soláthar bia agus ardcháilíocht bia agus ardchaighdeáin sábháilteachta a chur chun cinn; agus ag an am céanna rannchuidiú le fostaíocht sna limistéir feadh an chósta agus faoin tuath;

(e) tionchar comhshaoil na hiascaireachta a laghdú, lena n-áirítear trí bhearta chun feabhas a chur ar roghnaíocht trealaimh iascaireachta.

4. Féadfaidh na heagraíochtaí táirgeoirí cuspóirí comhlántacha eile a shaothrú.

Airteagal 8

Bearta a d'fhéadfadh eagraíochtaí táirgeoirí a úsáid

1. Chun na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 7 a bhaint amach, féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí úsáid a bhaint as, inter alia, na bearta seo a leanas:

(a) táirgeadh a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh;

(b) soláthar agus margaíocht tháirgí a mball a threorú;

(c) táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais dá gcuid ball a chur chun cinn ar bhealach neamh-idirdhealaitheach trí úsáid a bhaint mar shampla as féidearthacht an deimhnithe, go háirithe sonrúcháin tionscnaimh, séalaí cáilíochta, sonrúcháin geografacha, speisaltachtaí traidisúnta atá ráthaithe, agus fiúntas táirgí ó thaobh inbhuanaitheachta de;

(d) gníomhaíochtaí a gcuid ball a rialú agus bearta comhlíonta a ghlacadh i ndáil leis na rialacha arna mbunú ag an eagraíocht táirgeoirí lena mbaineann agus rialú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sin.

(e) gairmoiliúint agus cláir chomhair a chur chun cinn chun daoine óga a spreagadh chun dul isteach san earnáil;

(f) tionchar comhshaoil na hiascaireachta a laghdú, lena n-áirítear trí bhearta chun feabhas a chur ar roghnaíocht trealaimh iascaireachta;

(g) úsáid na teicneolaíochta faisnéise cumarsáide a chur chun cinn chun feabhas a chur ar mhargaíocht agus ar phraghsanna;

(h) rochtain tomhaltóirí ar fhaisnéis maidir le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a éascú.

2. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh úsáid a bhaint freisin as na bearta seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí iascaireachta a gcuid ball a chomhphleanáil agus a chomhbhainistiú as láimh a chéile, faoi réir eagrú bhainistiú acmhainní bitheolaíocha na mara ag na Ballstáit, lena n-áirítear bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun roghnaíocht trealaimh iascaireachta a fheabhsú agus chun comhairle a thabhairt d'údaráis inniúla;

(b) na gabhálacha nach bhfuil de dhíth a sheachaint agus a íoslaghdú trí bheith bainteach le forbairt agus cur i bhfeidhm beart teicniúil, agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na gabhálacha stoc tráchtála nach bhfuil de dhíth gan margadh a chruthú do na gabhálacha sin atá faoin íosmhéid tagartha caomhantais, i gcomhréir le hAirteagal 15(11) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh agus i gcomhréir le hAirteagal 34(2) den Rialachán seo, de réir mar is iomchuí;

(c) stóráil shealadach do tháirgí iascaigh a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 30 agus Airteagal 31 den Rialachán seo.

▼B

3. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí dobharshaothraithe úsáid a bhaint freisin as na bearta seo a leanas:

(a) gníomhaíochta dobharshaothraithe inbhuanaithe a chur chun cinn, go háirithe a fhad a bhaineann siad le cosaint an chomhshaoil, le sláinte ainmhithe agus le leas ainmhithe.

(b) faisnéis a bhailiú faoi na táirgí a mhargaítear, lena n-áirítear faisnéis eacnamaíoch faoi chéad-díolacháin agus faoi thuartha táirgeachta;

(c) faisnéis maidir leis an gcomhshaol a bhailiú;

(d) bainistiú gníomhaíochtaí dobharshaothraithe a gcuid ball a phleanáil;

(e) tacú le cláir le haghaidh daoine gairmiúla chun táirgí dobharshaothraithe inbhuanaithe a chur chun cinn; agus

▼M3

(f) stóráil shealadach do tháirgí dobharshaothraithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31 den Rialachán seo.

▼B

Airteagal 9

Comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú

1. Féadfar comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú ar thionscnamh ó eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta i mBallstáit amháin nó níos mó.

2. Forálacha an Rialacháin seo atá infheidhme maidir le heagraíochtaí táirgeoirí, beidh feidhm acu maidir le comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí freisin mura sonraítear a mhalairt.

Airteagal 10

Cuspóirí na gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí

1. Saothróidh comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí na cuspóirí seo a leanas:

(a) aon cheann de na cuspóirí de chuid na n-eagraíochtaí táirgeoirí ar baill iad atá leagtha síos in Airteagal 7, a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus inbhuanaithe;

(b) comhordú agus forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhleasa bhall na n-eagraíochtaí táirgeoirí.

2. Beidh comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí incháilithe le haghaidh tacaíochta airgeadais i gcomhréir le gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais amach anseo lena mbunófar na coinníollacha maidir leis an tacaíocht airgeadais don bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020.

Airteagal 11

Eagraíochtaí idirchraoibhe a bhunú

Maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe, féadfar iad a bhunú ar thionscnamh ó oibreoirí táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ar a dtionscnamh féin i mBallstát amháin nó níos mó agus féadfar iad a aithint i gcomhréir le Roinn II.

▼B

Airteagal 12

Cuspóirí eagraíochtaí idirchraoibhe

Cuirfidh na heagraíochtaí idirchraoibhe feabhas ar chomhordú chur ar fáil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ar mhargadh an Aontais agus ar na coinníollacha faoina gcuirtear ar fáil iad.

Airteagal 13

Na bearta is féidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a úsáid

Chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 12 a bhaint amach, féadfaidh eagraíochtaí idirchraoibhe úsáid a bhaint as na bearta seo a leanas:

(a) conarthaí caighdeánacha a luíonn le reachtaíocht an Aontais a tharraingt suas;

(b) táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais a chur chun cinn ar bhealach neamh-idirdhealaitheach trí úsáid a bhaint, mar shampla, deimhniúchán, go háirithe sonrúcháin tionscnaimh, séalaí cáilíochta, sonrúcháin geografacha, speisaltachtaí traidisúnta atá ráthaithe, agus fiúntas táirgí ó thaobh inbhuanaitheachta de;

(c) rialacha a leagan síos maidir le táirgeadh agus margaíocht táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ar rialacha iad atá níos déine ná na rialacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais nó sa reachtaíocht náisiúnta;

(d) feabhas a chur ar an táirgeadh agus ar an margadh ó thaobh cáilíochta, eolais, agus trédhearcachta de, chomh maith le gníomhaíochtaí gairmiúla agus gairmoiliúna a dhéanamh, mar shampla maidir le cúrsaí cáilíochta agus inrianaitheachta, maidir le sábháilteacht bia agus chun tionscnaimh taighde a spreagadh;

(e) taighde agus staidéir ar an margadh a dhéanamh, agus teicnící a fhorbairt chun go bhfeidhmeoidh an margadh ar an mbealach is fearr is féidir, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chomh maith le sonraí socheacnamaíocha a bhailiú;

(f) an fhaisnéis is gá a sholáthar agus an taighde is gá a dhéanamh chun soláthairtí a sheachadadh a chomhfhreagróidh do riachtanais an mhargaidh agus d'ionchais tomhaltóirí ó thaobh méid, cáilíochta agus praghais de;

(g) speicis arna saothrú ó stoic éisc shláintiúla atá i riocht inbhuanaithe, ag a bhfuil luach cothaithe suntasach agus nach gcaitear go forleathan a chur chun cinn i measc tomhaltóirí;

(h) gníomhaíochtaí a gcuid ball a rialú agus bearta comhlíonta a ghlacadh i ndáil leis na rialacha arna mbunú ag an eagraíocht idirchraoibhe lena mbaineann.

ROINN II

Aitheantas

Airteagal 14

Eagraíochtaí táirgeoirí a aithint

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas mar eagraíochtaí a thabhairt do gach grúpa a cuireadh ar bun ar thionscnamh ó tháirgeoirí iascaigh nó dobharshaothraithe a iarrann an t-aitheantas sin, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas maidir leo:

▼B

(a) go gcomhlíonann siad na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 17 agus na rialacha a glacadh chun na prionsabail sin a chur i bhfeidhm;

(b) go bhfuil siad gníomhach a ndóthain go heacnamaíoch ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, nó ar chuid di, go háirithe maidir le líon na mball nó maidir leis an méid táirgeachta is inmhargaithe;

(c) go bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, go bhfuil siad bunaithe ann agus go bhfuil a gceanncheathrú oifigiúil ar a chríoch;

(d) go bhfuil siad in ann na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 7 a shaothrú;

(e) go gcomhlíonann siad na rialacha iomaíochta dá dtagraítear i gCaibidil V;

(f) nach ndéanann siad mí-úsáid a bhaint as seasamh ceannasach sa mhargadh; agus

(g) go gcuireann siad sonraí ábhartha ar fáil faoina mballraíocht, faoina rialachas agus faoina bhfoinsí maoinithe.

2. Na heagraíochtaí táirgeoirí a mbeidh aitheantas acu roimh 29 Nollaig 2013, measfar gurb eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí iad chun críocha an Rialacháin seo agus beidh siad faoi cheangal a fhorálacha.

Airteagal 15

Tacaíocht airgeadais d'eagraíochtaí táirgeoirí

Maidir le bearta margaíochta le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a bhfuil sé d'aidhm acu eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a chruthú nó a athstruchtúrú, féadfar tacaíocht airgeadais a thabhairt i gcomhréir le gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais amach anseo lena mbunófar na coinníollacha maidir leis an tacaíocht airgeadais don bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020.

Airteagal 16

Eagraíochtaí idirchraoibhe a aithint

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas mar eagraíocht idirchraoibhe a thabhairt do gach grúpa oibreoirí, atá bunaithe ar a gcríoch agus a dhéanann iarratas ar an aitheantas sin, ar an gcoinníoll gur fíor an méid seo a leanas maidir leo:

(a) go gcomhlíonann siad na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 17 agus na rialacha a glacadh chun na prionsabail sin a chur i bhfeidhm;

(b) go ndéanann siad cion sonrach den ghníomhaíocht táirgthe agus ceann amháin de na gníomhaíochtaí próiseála agus na gníomhaíochtaí margaíochta nó iad araon, ar gníomhaíochtaí iad a bhaineann le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe nó táirgí a phróiseáiltear as táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;

(c) nach bhfuil siad féin ag gabháil do tháirgeadh, próiseáil ná margaíocht táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe nó táirgí a phróiseáiltear as táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;

(d) go bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoi dhlí náisiúnta Ballstáit, go bhfuil siad bunaithe ann agus go bhfuil a gceanncheathrú oifigiúil sa chríoch sin;

(e) go bhfuil siad ábalta na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 12 a chur i gcrích;

▼B

(f) go gcuireann siad leas na dtomhaltóirí san áireamh;

(g) nach gcuireann siad bac ar dhea-fheidhmiú CEM; agus

(h) go gcomhlíonann siad na rialacha iomaíochta is infheidhme.

2. Maidir leis na heagraíochtaí a bunaíodh roimh 29 Nollaig 2013, féadfar iad a aithint mar eagraíochtaí idirchraoibhe chun críocha an Rialacháin seo ar an gcoinníoll go bhfuil an Ballstát lena mbaineann sásta go gcomhlíonann siad forálacha an Rialacháin seo i ndáil le heagraíochtaí idirchraoibhe.

3. Na heagraíochtaí idirchraoibhe a mbeidh aitheantas acu roimh 29 Nollaig 2013, measfar gurb eagraíochtaí idirchraoibhe aitheanta iad chun críocha an Rialacháin seo agus go bhfuil siad faoi cheangal a fhorálacha.

Airteagal 17

Feidhmiú inmheánach eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe

Beidh feidhmiú inmheánach eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe dá dtagraítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 16 bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) go gcomhlíonann na baill na rialacha a ghlac an eagraíocht i dtéarmaí saothrú, táirgeadh agus margaíocht iascaigh;

(b) nach ndéantar idir-dhealú ar bith idir na baill, go háirithe bunaithe ar náisiúntacht nó áit bunaithe;

(c) go ndéantar ranníocaíocht airgeadais a thobhach ar a mbaill chun an eagraíocht a mhaoiniú;

(d) feidhmiú daonlathach lena gcuirtear ar cumas na mball dianscrúdú a dhéanamh ar a n-eagraíocht agus ar na cinntí a dhéanann sí;

(e) go ndéantar pionóis átá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach a fhorchur le haghaidh shárú na n-oibleagáidí faoi rialacha inmheánacha na heagraíochta lena mbaineann, go háirithe i gcás neamhíocaíocht na ranníocaíochtaí airgeadais;

(f) go ndéantar na rialacha maidir le cead isteach ball nua agus le baill a tharraingt siar a shainmhíniú;

(g) go ndéantar na rialacha cuntasaíochta agus buiséadacha atá riachtanach chun an eagraíocht a bhainistiú a shainmhíniú.

Airteagal 18

An t-aitheantas a thugann na Ballstáit a sheiceáil agus a tharraingt siar

1. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha tráthrialta chun a fhíorú go bhfuil eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le haitheantas atá leagtha síos in Airteagal 14 agus in Airteagal 16 faoi seach. Féadfar aitheantas a tharraingt siar mar thoradh ar chinneadh gur tharla neamhchomhlíonadh.

▼B

2. Maidir leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú oifigiúil eagraíochta táirgeoirí nó eagraíochta idirchraoibhe a bhfuil baill as Ballstáit éagsúla aici, nó maidir le comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta i mBallstáit éagsúla, bunóidh siad, i gcomhar leis na Ballstáit eile lena mbaineann, an comhar riaracháin is gá chun seiceálacha a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta nó an chomhlachais atá i gceist.

Airteagal 19

Deiseanna iascaireachta a dháileadh

Agus a cúraimí á ndéanamh, comhlíonfaidh eagraíocht táirgeoirí ar náisiúnaigh de chuid Ballstát éagsúla a mbaill nó aon chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta i mBallstáit éagsúla, na forálacha lena rialaítear leithdháileadh deiseanna iascaireachta ar na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Airteagal 20

Seiceálacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún

1. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 14 agus Airteagal 16 faoi seach maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí nó d'eagraíochtaí idirchraoibhe, féadfaidh an Coimisiún seiceálacha a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann aitheantas eagraíochtaí táirgeoirí nó eagraíochtaí idirchraoibhe a tharraingt siar.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, trí mheán leictreonach, aon chinneadh an t-aitheantas a thabhairt nó a tharraingt siar. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis uile sin ar fáil go poiblí.

Airteagal 21

Gníomhartha cur chun feidhme

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na spriocdhátaí agus na nósanna imeachta agus cineál na n-iarratas chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe de bhun Airteagal 14 nó Airteagal 16 faoi seach, nó chun an t-aitheantas sin a tharraingt siar de bhun Airteagal 18;

(b) an fhormáid, na spriocdhátaí agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit agus iad ag cur in iúl don Choimisiún aon chinneadh an t-aitheantas a thabhairt nó a tharraingt siar de bhun Airteagal 20(2).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoi phointe (a) a oiriúnú, i gcás inarb iomchuí, do na saintréithe speisialta an iascaigh agus an dobharshaothraithe ar scála beag.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(2).

▼B

ROINN III

Rialacha a shíneadh

Airteagal 22

Rialacha eagraíochtaí táirgeoirí a shíneadh

1. Féadfaidh Ballstát na rialacha a comhaontaíodh laistigh d'eagraíocht táirgeoirí a chur de cheangal ar tháirgeoirí nach baill den eagraíocht iad agus a mhargaíonn aon cheann de na táirgí laistigh den limistéar a bhfuil an eagraíocht táirgeoirí ionadaitheach dó ar choinníoll:

(a) go bhfuil an eagraíocht táirgeoirí bunaithe le tréimhse bhliain amháin ar a laghad agus go meastar go bhfuil sí ionadaitheach do tháirgeadh agus do mhargaíocht, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an earnáil mhionscála agus cheardaíochta ar mhionscála, i mBallstát amháin agus go gcuireann sí iarratas isteach chuig na húdaráis inniúla náisiúnta

(b) go mbaineann na rialacha atá le síneadh le haon cheann de na bearta is féidir leis na heagraíochtaí táirgeoirí a dhéanamh atá leagtha síos i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 8(1), i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 8(2) agus pointe (a) go pointe (e) d'Airtegal 8(3);

(c) go gcomhlíontar na rialacha iomaíochais dá dtagraítear i gCaibidil V.

2. Chun críocha phointe (a) de mhír 1 meastar go bhfuil eagraíocht táirgeoirí iascaigh ionadaitheach i gcás inarb ionann í agus ar a laghad 55 % de chainníochtaí an táirge i gceist a margaíodh le linn na bliana roimhe sa limistéar a bhfuil sé beartaithe na rialacha a shíneadh chuige.

3. Chun críocha phointe (a) de mhír 1 meastar go bhfuil eagraíocht táirgeoirí dobarshaothraithe ionadaitheach i gcás inarb ionann í agus ar a laghad 40 % de chainníochtaí an táirge i gceist a margaíodh le linn na bliana roimhe sa limistéar a bhfuil sé beartaithe na rialacha a shíneadh chuige.

4. Na rialacha atá le síneadh chuig eagraíochtaí nach baill iad, beidh feidhm acu go ceann tréimhse idir 60 lá agus dhá mhí déag.

Airteagal 23

Rialacha eagraíochtaí idirchraoibhe a shíneadh

1. Féadfaidh Ballstát roinnt de na comhaontuithe, de na cinntí nó de na cleachtais chomhbheartaithe a comhaontaíodh laistigh d' eagraíocht idirchraoibhe a chur de cheangal ar eagraíocht idirchraoibhe eile sa limistéar sonrach nó sna limistéir shonracha, ar oibreoirí nach baill den eagraíocht sin iad, ar an gcoinníoll:

(a) go gcumhdaíonn an eagraíocht idirchraoibhe ar a laghad 65 % de gach ceann ar a laghad de dhá ghníomhaíocht ar a laghad díobh seo a leanas: táirgeadh, próiseáil nó margaíocht an táirge ábhartha le linn na bliana roimhe sa limistéar nó sna limistéir lena mbaineann de Bhallstát, agus go gcuireann sé iarrtas isteach chuig na húdaráis inniúla náisiúnta; agus

▼B

(b) go mbaineann na rialacha atá le síneadh chun oibreoirí eile le haon cheann de na bearta is féidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a dhéanamh atá leagtha síos i bpointe (a) go pointe (g) d'Airteagal 3 agus nach ndéanann siad dochar d'oibreoirí eile sa Bhallstát lena mbaineann ná san Aontas.

2. Féadfaidh síneadh a chuirtear le rialacha a bheith ina cheangal go ceann tréimhse nach faide ná trí bliana, gan dochar d'Airteagal 25(4).

Airteagal 24

Dliteanas

Nuair a shíntear rialacha chuig eagraíochtaí nach baill iad i gcomhréir le hAirteagal 22 agus Airteagal 23, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann cinneadh a dhéanamh go bhfuil eagraíochtaí nach baill iad faoi dhliteanas ag an eagraíocht táirgeoirí nó ag an eagraíocht idirchraoibhe i leith choibhéis na gcostas ar fad nó cuid díobh a d'íoc na baill de thoradh chur i bhfeidhm na rialacha a chuig eagraíochtaí nach baill iad.

Airteagal 25

Údarú ón gCoimisiún

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i leith na rialacha a bhfuil sé beartaithe acu iad a chur de cheangal ar na táirgeoirí nó ar na hoibreoirí uile sa limistéar sonrach nó sna limistéir shonracha de bhun Airteagal 22 agus Airteagal 23.

2. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena n-údarófar síneadh na rialacha dá dtagraítear i mír 1, ar choinníoll:

(a) go gcomhlíontar forálacha Airteagal 22 agus Airteagal 23;

(b) go gcomhlíontar na rialacha iomaíochta dá dtagraítear i gCaibidil V;

(c) nach gcuireann an síneadh saorthrádáil i mbaol; agus

(d) nach gcuirtear baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE i mbaol.

3. Laistigh de mhí amháin tar éis dó an fógra a fháil, déanfaidh an Coimisiún cinneadh lena ndéanfar síneadh na rialacha a údarú nó a dhiúltú, agus cuirfidh sé an méid sin in iúl do na Ballstáit. I gcás nach mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún laistigh d'aon mhí amháin tar éis dó an fógra a fháil, measfar go bhfuil síneadh na rialacha údaraithe ag an gCoimisiún.

4. Féadfar leanúint de shíneadh údaraithe na rialacha a chur i bhfeidhm tar éis dul in éag na tréimhse ama tosaigh, lena n-áirítear le comhaontú intuigthe, gan an t-údarú a athnuachan go sainráite, ar choinníoll gur chuir an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas, mí amháin ar a laghad roimh dhul in éag na tréimhse tosaigh sin, faoin tréimhse bhreise chun iarratas a dhéanamh agus ar choinníoll go bhfuil an t-iarratas breise sin údaraithe ag an gCoimisiún nó nach bhfuil agóid déanta aige ina choinne laistigh de mhí amháin tar éis dó fógra den sórt sin a fháil.

Airteagal 26

Údarú a tharraingt siar

Féadfaidh an Coimisiún seiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh sé an t-údarú a thug sé na rialacha a shíneadh a tharraingt siar sa chás ina suíonn sé nach gcomhlíontar aon cheann de na ceanglais maidir leis an údarú. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas i dtaobh tarraingt siar den sórt sin.

▼B

Airteagal 27

Gníomhartha cur chun feidhme

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir le formáid agus nós imeachta an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 25(1). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(2).

ROINN IV

Táirgeadh agus margaíocht a phleanáil

Airteagal 28

Plean táirgthe agus margaíochta

1. Déanfaidh gach eagraíocht táirgeoirí, ar a laghad, plean táirgthe agus margaíochta dá príomhspeiceas a margaíodh ar a laghad a chur faoi bhráid a húdaráis inniúil náisiúnta le go bhformheasfar iad. Le pleananna táirgthe agus margaíochta den chineál sin, díreofar ar na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 3 agus in Airteagal 7 a bhaint amach.

2. Beidh na nithe seo a leanas sa phlean táirgthe agus margaíochta:

(a) clár táirgthe le haghaidh speiceas gafa nó feirme;

(b) straitéis margaíochta chun cainníocht, cáilíocht agus cur i láthair an tsoláthair a chomhoiriúnú le ceanglais an mhargaidh;

(c) bearta atá le déanamh ag an eagraíocht táirgeoirí chun cur leis na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 7;

(d) réamhbhearta speisialta chun an soláthar speiceas a choigeartú a mbíonn deacrachtaí margaíochta ag baint leo de ghnáth i rith na bliana;

(e) pionóis is infheidhme maidir le baill a sháraíonn na cinntí a glacadh chun an plean lena mbaineann a chur chun feidhme.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta an plean táirgthe agus margaíochta a fhormheas. Nuair atá an plean formheasta, cuirfidh an eagraíocht táirgeoirí chun feidhme éláithreach.

4. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí an plean táirgthe agus margaíochta a athbhreithniú, agus i gcás den sórt sin, cuirfidh siad é chuig na húdaráis inniúla náisiúnta lena fhormheas.

5. Déanfaidh an eagraíocht táirgeoirí tuarascáil bhliantúil a ullmhú i dtaca lena gníomhaíochtaí faoin bplean táirgthe agus margaíochta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis inniúil náisiúnta í lena formheas.

6. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí tacaíocht airgeadais a fháil chun pleananna táirgthe agus margaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais amach anseo lena mbunófar na coinníollacha maidir leis an tacaíocht airgeadais don bheartas muirí agus iascaigh don tréimhse 2014-2020.

7. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach eagraíocht táirgeoirí na hoibleagáidí dá bhforáiltear san Airteagal seo. Féadfar aitheantas a tharraingt siar mar thoradh ar chinneadh gur tharla neamhchomhlíonadh.

▼M2

8. I gcomhréir leis an gcuspóir a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 7(1), áiritheoidh eagraíochtaí táirgeoirí sna pleananna táirgthe agus margaíochta a chuireann siad isteach de bhun mhír 1 den Airteagal seo, nach dtosóidh gníomhaíochtaí atá dírithe go sonrach ar orgánaigh mhuirí atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabháil mar thoradh ar na horgánaigh mhuirí sin a thabhairt i dtír.

Nuair a dhéanfaidh siad na seiceálacha a cheanglaítear le mír 7 den Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo á comhlíonadh ag na heagraíochtaí táirgeoirí.

▼B

Airteagal 29

Gníomhartha cur chun feidhme

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an formáid agus do struchtúr an phlean táirgthe agus margaíochta dá dtagraítear in Airteagal 28;

(b) an nós imeachta agus na teorainneacha ama le haghaidh na bpleananna táirgthe agus margaíochta dá dtagraítear in Airteagal 28 a bheith curtha isteach ag eagraíochtaí táirgeoirí agus faofa ag Ballstáit.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(2).

ROINN V

Na margaí a chobhsú

▼M3

Airteagal 30

Sásra stórála

Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh agus dobharshaothraithe tacaíocht airgeadais a fháil chun táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II nó táirgí a thagann faoi chód AC 0302 mar a liostaítear i bpointe (a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a stóráil, ar choinníoll:

(a) go gcomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le cúnamh stórála a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(b) gur chuir eagraíochtaí táirgeoirí na táirgí ar an margadh agus nach bhfuarthas aon cheannaitheoir dóibh ag an truicearphraghas dá dtagraítear in Airteagal 31;

(c) i gcás inarb infheidhme, go gcomhlíonann na táirgí na comhchaighdeáin mhargaíochta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 33 agus gur de cháilíocht ard go leor iad lena gcaitheamh ag an duine;

(d) go ndéantar na táirgí a chobhsú nó a phróiseáil agus a stóráil in umair nó i gcaighin, nó trína reo, ar bord soitheach nó i saoráidí ar tír, trína sailleadh, trína dtriomú, trína maranáidiú nó, más ábhartha,

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

▼M3

trína mbruith agus trína bpaistéaradh, cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar na táirgí a fhilléadú nó a ghearradh nó, i gcás inarb iomchuí, sciotadh cinn orthu, de bhreis ar na próisis sin;

(e) nach stóráiltear beo na táirgí dobharshaothraithe;

(f) go ndéantar na táirgí a thabhairt isteach sa mhargadh arís ón stóráil níos faide anonn lena gcaitheamh ag an duine, agus

(g) go bhfanann na táirgí sa stóráil ar feadh cúig lá ar a laghad.

▼B

Airteagal 31

Praghsanna ag a gcuirfear an sásra stórála ag obair

▼M3

1. Roimh thús gach bliana, féadfaidh gach eagraíocht táirgeoirí moladh dá cuid féin a dhéanamh maidir le praghas a gcuirfeadh an sásra stórála dá dtagraítear in Airteagal 30 ag obair i gcás na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II nó na táirgí a thagann faoi chód AC 0302 mar a liostaítear i bpointe (a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼B

2. Ní bheidh an truicearphraghas sin níos airde ná 80 % den mheánphraghas ualaithe a taifeadadh i leith an táirgthe i gceist i réimse gníomhaíochta na heagraíochta táirgeoirí lena mbaineann le linn na dtrí bliana go díreach roimh an mbliain a bhfuil an truicearphraghas socraithe lena haghaidh.

3. Agus an truicearphraghas á chinneadh, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

(a) treochtaí táirgthe agus éilimh;

(b) cobhsú praghsanna margaidh;

(c) cóineasú na margaí;

(d) ioncaim táirgeoirí;

(e) leasanna tomhaltóirí.

4. Tar éis dóibh na moltaí a rinne na heagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta ar a gcríoch a scrúdú, cinnfidh na Ballstáit na truicearphraghsanna a bheidh le cur i bhfeidhm ag na heagraíochtaí táirgeoirí sin. Socrófar na praghsanna sin ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3. Cuirfear na praghsanna sin ar fáil go poiblí.

▼M3

5. I gcás nár chinn Ballstát na truicearphraghsanna de bhun mhír 4 sula raibh ráig COVID-19 ann, cinnfidh an Ballstát sin, gan aon mhoill, na truicearphraghsanna lena mbaineann ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3. Cuirfear na praghsanna ar fáil go poiblí.

▼B

Airteagal 32

Gníomhartha cur chun feidhme

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir leis an bhformáid ina bhfoilseoidh na Ballstáit na truicearphraghsanna de bhun Airteagal 31(4). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(2).

▼B

CAIBIDIL III

COMHCHAIGHDEÁIN MHARGAÍOCHTA

Airteagal 33

Comhchaighdeáin mhargaíochta a bhunú

1. Gan dochar d'Airteagal 47, féadfar comhchaighdeán margaíochta a leagan síos maidir leis na táirgí iascaigh atá liostaithe in Iarscríbhinn I, beag beann ar a dtionscnamh (cibé acu ón Aontas nó allmhairithe), atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine.

2. Féadfaidh baint a bheith ag na caighdeáin dá dtagraítear i mír 1 le cáilíocht, méid, meáchan, pacáistiú, cur i láthair nó lipéadú na dtáirgí, agus leis na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) íosmhéideanna margaíochta a ceapadh i bhfianaise na comhairle eolaíche is fearr; beidh íosmhéideanna margaíochta den sórt sin ag teacht, i gcás inarb ábhartha, le híosmhéideanna tagartha caomhantais i gcomhréir le hAirteagal 15(10) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(b) sonraíochtaí táirgí leasaithe atá i gcomhréir le ceanglais chaomhantais agus oibleagáidí idirnáisiúnta.

3. Beidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 gan dochar do na nithe seo a leanas:

(a) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;

(b) Rialachán (CE) 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(c) Rialachán (CE) 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

(d) Rialachán (CE) 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]);

(e) Rialachán (CE) 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]);

(f) Rialachán (CE) 1005/2008 ón gComhairle ([5]); agus

(g) Rialachán (CE) 1224/2009.

([1]) Rialachán (CE) 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

([3]) Rialachán (CE) 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú i dtaca le táirgí de bhunadh ainmhíoch le caitheamh ag an duine (IO L 226, 25.6.2004, lch. 83).

([4]) Rialachán (CE) 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe a áirithiú (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).

([5]) Rialachán (CE) 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscthe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú agus lena leasaítear Rialacháin (CEEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

▼B

Airteagal 34

Comhchaighdeán margaíochta a chomhlíonadh

1. Na táirgí atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus a bhfuil comhchaighdeáin mhargaíochta leagtha síos ina leith, ní fhéadfar iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais ach i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

2. Féadfar gach táirge iascaigh a chuirtear i dtír, lena n-áirítear táirgí nach gcomhlíonann na comhchaighdeáin mhargaíochta a úsáid chun críche seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine lena n-áirítear mar mhin éisc, ola éisc, bia peataí, breiseáin bhia, táirgí cógaisíochtanó cosmaidí.

CAIBIDIL IV

FAISNÉIS DO THOMHALTÓIRÍ

Airteagal 35

Faisnéis shainordaitheach

1. Gan dochar do Rialachán (AE) 1169/2011, táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus a mhargaítear san Aontas, beag beann ar a dtionscnamh, ná ar a modh margaíochta, ní fhéadfar iad a thairiscint lena ndíol leis an tomhaltóir deiridh ná le holllónadóir mura mbeidh curtha in iúl orthu le marcáil nó le lipéad iomchuí an méid seo a leanas:

(a) ainmníocht tráchtála an speicis agus an t-ainm eolaíoch atá air;

(b) an modh táirgthe, trí úsáid na bhfrásaí seo a leanas go háirithe: "…arna ghabháil…", "…arna ghabháil i bhfíoruisce", nó "…arna shaothrú…";

(c) an limistéar inar gabhadh an táirge nó inar saothraíodh é, agus an catagóir trealaimh a úsáideadh le hiascaigh ghabhála, mar a leagtar síos sa chéad cholún d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(d) cibé ar dí-reodh an táirge.

(e) an dáta íosmharthanachta.

Ní bheidh feidhm ag an gceanglas i bpointe (d) maidir leis an méid seo a leanas:

(a) comhábhair atá sa táirgeadh deiridh;

(b) bianna a bhfuil gá le hiad a reo ó thaobh chéim phróiseála na teicneolaíochta de;

(c) táirgí iascaigh agus dobarshaothraithe arna reo roimhe sin chun críocha sábháilteachta sláinte, i gcomhréir le hIarscríbhinn III, Roinn VIII, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(d) táirgí iascaigh agus dobarshaothraithe atá díreoite sula ndéantar an próiseas deataithe, saillidh, cócaráilte, piclithe, triomaithe orthu nó teaglaim aon phróisis de na próisis sin.

2. Maidir le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe nach bhfuil réamhphacáilte, féadfar an fhaisnéis shainordaitheach a liostaítear i mír 1 a sholáthar le haghaidh miondíola trí bhíthin faisnéis tráchtála amhail cláir fógraí nó póstaeir.

▼B

3. I gcás ina dtairgtear táirge measctha ar an leibhéal miondíola nó oll-lónadóireachta, ar táirge é ina bhfuil an speiceas céanna ach go dtagann sé ó mhodhanna táirgthe éagsúla, déanfar an modh a úsáideadh do gach baisc a lua. I gcás ina dtairgtear táirge measctha ar an leibhéal díola don tomhaltóir deiridh nó d'oll-lónadóir, ar táirge é ina bhfuil an speiceas céanna ach go dtagann sé ó limistéir éagsúla gabhála nó ó thíortha éagsúla feirmeoireachta éisc, déanfar limistéar an bhaisce atá ionadaitheach i dtéarmaí na cainníochta a lua, mar aon le léiriú go dtagann na táirgí ó limistéir dhifriúla gabhála nó saothraithe éisc freisin.

4. Féadfaidh na Ballstáit cainníochtaí beaga táirgí a dhíoltar díreach ó shoithí iascaireachta le tomhaltóirí a dhíolmhú ó na ceanglais dá dtagraítear i mír 1, ar an gcoinníoll nach sáraíonn siad sin an luach dá dtagraítear in Airteagal 58(8) de Rialachán (CE) 1224/2009.

5. Táirgí iascaigh agus dobharsaothraithe agus a bpacáistiú ar cuireadh lipéad nó marc orthu roimh an 13 Nollaig 2014 agus nach gcomhlíonann an tAirteagal seo, féadfar iad a mhargú go dtí go mbeidh na stoic sin ídithe.

▼M1

6. Until 31 December 2021, paragraphs 1, 2 and 3 shall not apply to products offered for retail sale to the final consumer in Mayotte, as an outermost region within the meaning of Article 349 TFEU.

▼B

Airteagal 36

Tuairisciú um éicilipéadú

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí, déanfaidh an Coimisiún, faoin 1 Eanáir 2015, tuarascáil féidearthachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, maidir le roghanna le haghaidh scéim éicilipéad do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, go háirithe maidir le scéim den chineál sin a bhunú mar scéim ar fud an Aontais agus maidir le híoscháighdeáin a leagan síos d'éicilipéad Aontais a bheadh le húsáid ag na Ballstáit.

Airteagal 37

Sonrúcháin tráchtála

1. Chun críocha Airteagal 35(1), déanfaidh Ballstáit liosta de shonrúcháin tráchtála a nglactar leo ar a gcríoch a tharraingt suas, agus foilseoidh siad an liosta sin in éineacht lena n-ainmneacha eolaíocha. Beidh an méid seo a leanas sa liosta:

(a) ainm eolaíoch gach speicis de réir an Chórais Faisnéise FishBase nó bhunachar sonraí AFSIS Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (EBT), i gcás inarb ábhartha;

(b) an sonrúchán tráchtála:

(i) ainm an speicis i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann;

(ii) i gcás inarb infheidhme, aon ainm nó aon ainmneacha eile a bhfuil glacadh leo nó a cheadaítear go háitiúil nó go réigiúnach.

2. Féadfar gach speiceas iasc atá mar chomhábhar i mbia eile a shonrú mar "iasc", ar an gcoinníoll nach ndéanann ainm agus cur i láthair bia dá leithéid tagairt do shainspeiceas iasc.

▼B

3. Aon athruithe ar liosta na sonrúchán tráchtála a ghlac Ballstát leo, cuirfear fógra chuig an gCoimisiún ina leith gan mhoill agus cuirfidh sé na Ballstáit eile ar an eolas faoi.

Airteagal 38

Tásc ar limistéar na gabhála nó ar limistéar an táirgthe

1. Is éard a bheidh sa tásc ar limistéar na gabhála nó ar limistéar an táirgthe i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 35(1), na nithe seo a leanas:

(a) i gcás táirgí iascaigh arna ngabháil ar muir, ainm an fho-limistéir, nó na roinne, i scríbhinn, atá liostaithe i measc limistéir iascaighEBT, chomh maith le hainm zóin den chineál sin arna chur in iúl ar bhealach a dtuigfidh tomhaltóirí é, nó léarscáil nó picteagram a thaispeánann an zón sin nó de mhaolú ar an gceanglas sin, i gcás táirgí iascaigh a gabhadh in uiscí seachas uiscí an Atlantaigh Thoir Thuaidh (Limistéar Iascaigh EBT 27) na Meánmhara nó na Mara Duibhe (Limistéar Iascaigh EBT 37), táscaire ar ainm Limistéir IascaighEBT.

(b) i gcás táirgí iascaigh arna ngabháil i bhfionnuisce, tagairt do dhobharlach tionscnaimh Bhallstát tionscnaimh nó thríú tír tionscnaimh an táirge;

(c) I gcás táirgí dobharshaothraithe, tagairt don Bhallstát nó don tríú tír ina bhfuil níos mó ná leath a mheáchain dheiridh bainte amach ag an táirge nó inar fhan sé ar feadh níos mó ná leath dá thréimhse saothraithe, nó, i gcás sliogiasc, gur mhair an chéim dheiridh dá thógáil nó dá shaothrú sé mhí ar a laghad.

2. Le cois na faisnéise dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh oibreoirí faisnéis níos beaichte a thabhairt maidir le limistéar na gabhála nó an táirgthe.

Airteagal 39

Faisnéis bhreise dheonach

1. De bhreis ar an bhfaisnéis sainordaitheach a cheanglaítear de bhun Airteagal 35, féadfar an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar ar bhonn deonach, ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis sin soiléir agus gan athbhrí:

(a) an dáta gabhála i gcás táirgí iascaigh nó an dáta buainte i gcás táirgí dobharshaothraithe;

(b) dáta chur i dtír gabhála i gcás táirgí iascaigh nó faisnéise maidir leis an gcalafort ag ar tugadh na táirgí i dtír.

(c) faisnéis níos mionsonraithe ar chineál an trealaimh iascaigh, mar atá liostaithe sa dara colún d'Iarscríbhinn III;

(d) i gcás táirgí iascaigh arna ngabháil ar muir, sonraí maidir le bratstát an tsoithigh a rinne na táirgí sin a ghabháil;

(e) faisnéis maidir leis an gcomhshaol;

(f) faisnéis eiticiúil nó shóisialta;

(g) faisnéis maidir le teicnící agus cleachtais táirgthe;

(h) faisnéis maidir le cion cothaithe an táirge.

2. Féadfar cód Freagairt Thapa (QR) a úsáid le cuid den fhaisnéis atá liostaithe in Airteagal 35(1) nó an fhaisnéis sin uile a léiriú.

▼B

3. Ní chúngóidh an fhaisnéis dheonach ar an áit atá curtha i leataobh don fhaisnéis shainordaitheach ar an marcáil agus ar an lipéadú.

4. Ní dhéanfar aon fhaisnéis dheonach a chur san áireamh nach féidir a fhíorú.

CAIBIDIL V

RIALACHA IOMAÍOCHTA

Airteagal 40

Na rialacha iomaíochta a chur chun feidhme

Beidh feidhm ag Airteagal 101 go hAirteagal 106 de CFAE agus ag a bhforálacha cur chun feidhme maidir le comhaontuithe, cinntí, agus cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 101(1) agus Airteagal 102 CFAE a bhaineann le táirgeadh nó margaíocht táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.

Airteagal 41

Eisceachtaí ar chur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta

1. D'ainneoin Airteagal 40 den Rialachán seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir leis na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais de chuid eagraíochtaí táirgeoirí a bhaineann le táirgeadh nó díol táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe nó le húsáid comhshaoráidí chun táirgí den sórt sin a stóráil, a chóireáil nó a phróiseáil, agus ar comhaontuithe, cinntí agus cleachtais iad:

(a) atá riachtanach chun na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 39 CFAE a bhaint amach;

(b) nach bhfuil aon oibleagáid ag baint leo praghsanna comhionanna a mhuirearú;

(c) nach mbeidh mar thoradh orthu deighilt de shaghas ar bith sna margaí laistigh den Aontas;

(d) nach gcuireann cosc ar an iomaíocht; agus

(e) nach ndíchuireann an iomaíocht i ndáil le sciar mór de na táirgí i gceist;

2. D'ainneoin Airteagal 40 den Rialachán seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe, cinntí agus cleachtais de chuid eagraíochtaí idirchraoibhe:

(a) atá riachtanach chun na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 39 CFAE a bhaint amach;

(b) nach bhfuil aon oibleagáid ag baint leo praghas socraithe a chur i bhfeidhm;

(c) nach mbeidh mar thoradh orthu deighilt de shaghas ar bith sna margaí laistigh den Aontas;

(d) nach gcuireann coinníollacha neamhchosúla i bhfeidhm maidir le hidirbhearta coibhéiseacha a dhéantar le páirtithe eile trádála i slí go gcuirfear faoi mhíbhuntáiste iomaíochta iad;

(e) nach ndíchuireann an iomaíocht i ndáil le sciar mór de na táirgí i gceist; agus

(f) nach gcuireann srian ar an iomaíocht ar bhealaí nach bhfuil sárriachtanach chun cuspóirí CBI a bhaint amach.

▼B

CAIBIDIL VI

FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN MARGADH

Airteagal 42

Faisnéis maidir leis an margadh

1. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) eolas eacnamaíoch agus tuiscint ar mhargadh an Aontais i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a bhailiú, a anailísiú agus a chraobhscaoileadh feadh an tslabhra soláthair, agus an comhthéacs idirnáisiúnta á chur san áireamh;

(b) tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil d'eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe chun sonraí a chomhordú níos fearr idir oibreoirí agus próiseálaithe.

(c) suirbhéanna a dhéanamh go tráthrialta ar phraghsanna táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe feadh shlabhra soláthair an Aontais, agus a anailísa dhéanamh ar threochtaí margaidh;

(d) staidéir ad hoc ar an margadh a dhéanamh, mar aon le modheolaíocht a sholáthar chun suirbhéanna ar phraghasmhúnlú a dhéanamh.

2. Chun mír 1 a chur chun feidhme, úsáidfidh an Coimisiún na bearta seo a leanas:

(a) rochtain a éascú ar na sonraí atá ar fáil maidir le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe arna mbailiú de bhun dhlí an Aontais;

(b) faisnéis margaidh amhail suirbhéanna praghais, anailís margaidh agus staidéir a chur ar fáil do na geallshealbhóirí uile agus don phobal i gcoitinne ar bhealach inrochtana agus intuigthe, faoi réir Rialachán (CE) 45/2001ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])

3. Rannchuideoidh na Ballstáit le baint amach na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

Airteagal 43

Nós imeachta coiste

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1)

▼B

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 44

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006:

"Airteagal 1

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le hinfheidhmeacht Airteagail 101 go 106 agus Airteagal 108(1) agus (3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i ndáil leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE a tháirgeadh nó trádáil a dhéanamh iontu cé is moite de na tairgí a liostaítear in Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 (*) agus i Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 ón gComhairle lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha do tháirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán CEM aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1)".

Airteagal 45

Leasuithe ar Rialachán (CE) 1224/2009

Leis seo leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 mar seo a leanas:

(1) cuirtear na habairtí seo a leanas le hAirteagal 57(1):

"Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun comhlíonadh a áirithiú. Féadfar na seiceálacha a dhéanamh ag gach céim den mhargú agus le linn an iompair.";

(2) leasaítear Airteagal 58(5) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

"(g) an fhaisnéis do thomhaltóirí dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).)";

(b) scriostar pointe (h).

▼B

Airteagal 46

Aisghairm

Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 104/2000. Beidh feidhm ag Airteagal 4 go dtí an 12 Nollaig 2014, áfach.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

▼M2

Airteagal 47

Rialacha lena mbunaítear comhchaighdeáin mhargaíochta

1. Gan dochar do mhír 2, leanfaidh rialacha lena mbunaítear comhchaighdeáin mhargaíochta d'fheidhm a bheith acu, go háirithe iad siúd a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2136/89 ón gComhairle ([1]), Rialachán (CEE) Uimh. 1536/92 ón gComhairle ([2]) agus Rialachán (CE) Uimh. 2406/96 ón gComhairle ([3]), chomh maith le rialacha eile arna nglacadh chun comhchaighdeáin mhargaíochta a chur i bhfeidhm, amhail na cinn a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 3703/85 ón gCoimisiún ([4]).

2. I gcás ina mbeidh íosmhéideanna tagartha caomhnaithe á mbunú, íosmhéideanna margaíochta a bheidh iontu.

▼B

Airteagal 48

Athbhreithniú

Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le torthaí chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoin 31 Nollaig 2022.

Airteagal 49

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014, cé is moite de Chaibidil IV agus d'Airteagal 45 a mbeidh feidhm acu ón 13 Nollaig 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2136/89 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1989 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le sairdíní leasaithe agus maidir le tuairiscí trádála le haghaidh sairdíní leasaithe agus táirgí de chineál sairdín (IO L 212, 22.7.1989, lch. 79).

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 1536/92 ón gComhairle an 9 Meitheamh 1992 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le tuinníní agus boiníotó leasaithe (IO L 163, 17.6.1992, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 2406/96 ón gComhairle an 26 Samhain 1996 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le táirgí áirithe iascaigh (IO L 334, 23.12.1996, lch. 1).

([4]) Rialachán (CEE) Uimh. 3703/85 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 1985 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na comhchaighdeáin mhargaíochta a chur i bhfeidhm maidir le héisc áirithe atá úr nó fuaraithe (IO L 351, 28.12.1985, lch. 63).

▼B

IARSCRÍBHINN I

TÁIRGÍ IASCAIGH AGUS DOBARSHAOTHRAITHE A CHUMHDAÍTEAR LE CEM

	Cód AC	Tuairisc ar na hearraí
(a)	0301	Iasc beo
	0302	Iasc úr nó fuaraithe, seachas filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304
	0303	Iasc reoite, seachas filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304
	0304	Filléid éisc agus feoil eile éisc (bíodh sí mionaithe nó ná bíodh) atá úr, fuaraithe nó reoite
(b)	0305	Iasc triomaithe, saillte nó faoi sháile; iasc deataithe, bíodh sé cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn; plúir, min agus millíní éisc, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine
(c)	0306	Crústaigh bheo, úra, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile, bídís sa bhlaosc nó ná bíodh; crústaigh sa bhlaosc, cócaráilte le gal nó beirithe in uisce, bídís fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile nó ná bíodh; plúir, min agus millíní crústach, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine
	0307	Moilisc bheo, úra, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile, bídís sa bhlaosc nó ná bíodh; inveirteabraigh uisce, seachas crústaigh agus moilisc, bheo, úra, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; plúir, min agus millíní inveirteabrach uisce, seachas crústaigh, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine
(d)		Táirgí ainmhíocha nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhithe marbha dá dtagraítear i gCaibidil 1 nó i gCaibidil 3, atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine:
		– Eile:
		– – Táirgí éisc nó crústach, moileasc nó inveirteabrach eile uisce; ainmhithe marbha dá dtagraítear i gCaibidil 3:
	0511 91 10	– – – Dramhaíl éisc
	0511 91 90	– – – Eile
(e)	1212 20 00	– Cineálacha feamainne agus algaí eile
(f)		Saill agus olaí éisc agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bíodh, nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu:
	1504 10	– Olaí aenna éisc agus a gcodáin
	1504 20	– Saill agus olaí éisc, agus a gcodáin, seachas olaí aenna

▼B

Cód AC		Tuairisc ar na hearraí
(g)	1603 00	Úisc agus súnna ó fheoil, éisc nó crústach, moileasc nó inveirteabrach eile uisce
(h)	1604	Iasc ullmhaithe nó leasaithe; caibheár agus caibheár ionaid a ullmhaíodh ó uibheacha éisc
(i)	1605	Crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh eile uisce, ullmhaithe nó leasaithe
(j)		Pasta, bíodh sé cócaráilte nó stuáilte (le feoil nó le substaintí eile), nó bíodh sé ullmhaithe ar bhealaí eile nó ná bíodh, mar shampla spaigití, macarón, núdail, lasáinne, gnocchi, ravioli, cannelloni; cúscús, bíodh sé ullmhaithe nó ná bíodh
	1902 20	– Pasta stuáilte, bíodh sé cócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile:
	1902 20 10	– – ina bhfuil níos mó ná 20 %, de réir meacháin, iasc, crústach, moileasc nó inveirteabrach eile uisce
(k)		Plúir, min agus millíní, ó fheoil agus ó mhiodamas feola, éisc nó crústach, moileasc nó inveirteabrach eile uisce, nach bhfuil oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine; geirdheascadh:
	2301 20 00	– Plúir, min agus millíní, éisc nó crústach, moileasc nó inveirteabrach eile uisce
(l)		Ullmhóidí den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe
	2309 90	– Eile:
	ex 2309 90 10	– – Ábhair intuaslagtha éisc

▼B

IARSCRÍBHINN II

TÁIRGÍ IASCAIGH FAOI RÉIR NA MEICNÍOCHTA STÓRÁLA

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí
0302 22 00	Leathóga *(Pleonectes platessa)*
ex 0302 29 90	Dabaí (*Limanda limanda*)
0302 29 10	Scaoilteáin (*Lepidorhombus spp.*)
ex 0302 29 90	Leitheanna (*Platichthys flesus*)
0302 31 10 agus 0302 31 90	Tuinníní colgacha (*Thunnus alalunga*)
ex 0302 40	Scadáin de chuid an speicis *Clupea harengus*
0302 50 10	Troisc de chuid an speicis *Gadus morhua*
0302 61 10	Sairdíní de chuid an speicis *Sardina pilchardus*
ex 0302 61 80	Salán (*Sprattus Sprattus*)
0302 62 00	Cadóga (*Melanogrammus aeglefinus*)
0302 63 00	Glasáin (*Pollachius virens*)
ex 0302 64	Ronnaigh de chuid an speicis *Scomber scombrus* agus *Scomber japonicus*
0302 65 20 agus 0302 65 50	Fíogaigh (*Squalus acanthias* agus *Scyliorhinus* spp.)
0302 69 31 agus 0302 69 33	Péirsí mhara (Sebastes spp.)
0302 69 41	Faoitíní (*Merlangius merlangus*)
0302 69 45	Langaí (*Molva* spp.)
0302 69 55	Ainseabhaithe (*Engraulis* spp.)
ex 0302 69 68	Colmóirí de chuid an speicis *Merluccius merluccius*
0302 69 81	Láimhínigh (*Lophius* spp.)
ex 0302 69 99	Dorád (*Coryphaena hippurus)*
ex 0307 41 10	Cudail (*Sepia officinalis* agus *Rossia macrosoma*)
ex 0306 23 10 ex 0306 23 31 ex 0306 23 39	Séaclaí de chuid an speicis Crangon crangon agus séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*)
0302 23 00	Sóil (*Solea* spp.)
0306 24 30	Portáin dhearga (*Cancer pagurus*)
0306 29 30	Gliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*)

▼B

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí
0303 31 10	Haileabónna Graonlannacha (*Reinhardtius hipoglossoides*)
0303 78 11	Colmóirí de chuid an speicis *Merluccius*
0303 78 12	
0303 78 13	
0303 78 19	
agus	
0303 29 55	
0304 29 56	
0304 29 58	
0303 79 71	Garbhánaigh (*Dentex dentex* agus *Pagellus* spp.)
0303 61 00	Colgáin (*Xiphias gladius)*
0304 21 00	
0304 91 00	
0306 13 40	Séaclaí de chuid na fine *Penaeidae*
0306 13 50	
ex 0306 13 80	
0307 49 18	Cudail de chuid na speiceas *Sepia officinalis*, *Rossia macrosoma* agus *Sepiola rondeletti*
0307 49 01	
0307 49 31	Scuideanna (*Loligo* spp.)
0307 49 33	
0307 49 35	
agus	
0307 49 38	
0307 49 51	Scuideanna (*Ommastrephes sagittatus*)
0307 59 10	Ochtapais (*Octopus* spp.)
0307 99 11	Illex spp.
0303 41 10	Tuinní colgacha (*Thunnus alalunga*)
0302 32 10	Tuinníní buí (*Thunnus albacares*)
0303 42 12	
0303 42 18	
0303 42 42	
0303 42 48	
0302 33 10	Boiníotó aigéanach (*Katsuwomus pelamis*)
0303 43 10	
0303 45 10	Tuinníní gorma (*Thunnus thynnus*)
0302 39 10	Speicis eile de chuid na ngéineas *Thunnus* agus *Euthynnus*
0302 69 21	
0303 49 30	
0303 79 20	

▼B

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí
ex 0302 29 90	Leathóga míne (*Microstomus kitt*)
0302 35 10 agus 0302 35 90	Tuinníní gorma (*Thunnus thynnus*)
ex 0302 69 51	Mangaigh (*Pollachius pollachius*)
0302 69 75	Sáimhíní (*Brama* spp.)
ex 0302 69 82	Faoitíní gorma (*Micromesistius poutassou)*
ex 0302 69 99	Troscáin stopóige (*Trisopterus luscus*) agus mion-troisc (*Trisopterus minutus*)
ex 0302 69 99	Bogue (*Boops boops*)
ex 0302 69 99	Picréil (*Spicara smaris*)
ex 0302 69 99	Eascanna concair (*Conger conger*)
ex 0302 69 99	Cnúdáin (*Trigla* spp.)
ex 0302 69 91 ex 0302 69 99	Bolmáin (*Trachurus* spp.)
ex 0302 69 99	Milléid (*Mugil* spp.)
ex 0302 69 99 agus ex 0304 19 99	Sciataí (*Raja* spp.)
ex 0302 69 99	Scabairdí (*Lepidopus caudatus* agus *Aphanopus carbo*)
ex 0307 21 00	Muiríní móra (*Pecten maximus*)
ex 0307 91 00	Cuachmaí (*Buccinum undatum*)
ex 0302 69 99	Milléid cheannchothroma nó milléid dhearga (*Mullus surmuletus*, *Mullus barbatus*)
ex 0302 69 99	Sáimhíní (*Spondyliosoma cantharus*)

▼B

IARSCRÍBHINN III

FAISNÉIS MAIDIR LE TREALAMH IASCAIGH

Faisnéis shainordaitheach maidir le cineál an trealaimh iascaigh	Faisnéis atá níos mionsonraithe ar threalamh agus cóid atá comhfhreagrach, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 26/2004 ([1]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ([2])	
Saighní	Saighní trá	SB
	Saighní Danmhargacha	SDN
	Saighní Albanacha	SSC
	Saighní péire	SPR
Tráil	Trál bíoma	TBB
	Tráil dobharchú íochtair	OTB
	Tráil phéire íochtair	PTB
	Tráil dobharchúnna láruisce	OTM
	Tráil phéire pheiligeacha	PTM
	Dé-thráil dobharchú	OTT
Eangacha geolbhaigh agus eangacha cosúla	Eangacha geolbhaigh socraithe (ar ancaire)	GNS
	Sruthlíonta	GND
	Eangacha geolbhaigh timpeallaithe	GNC
	Traimlí	GTR
	Traimlí agus Eangacha geolbhaigh cumasctha	GTN
Eangacha timpeallacha agus líonta ardaithe	Saighní Peaslíon	PS
	Eangacha Lampara	LA
	Líonta ardaithe le bád	LNB
	Líonta ardaithe do-aistrithe ar chladach	LNS
Duáin agus doruithe	Doruithe láimhe agus doruithe cuaille (láimhe)	LHP
	Doruithe láimhe agus doruithe cuaille (meicniúla)	LHM
	Doruithe fada socraithe	LLS
	Doruithe fada (aistreacha)	LLD
	Doruite trálála	LTL
Dreidirí	Dreidirí báid	DRB
	Dreidirí láimhe arna n-úsáid ar bord arthaigh	DRH
	Dreidirí meicniúla lena n-áirítear dreidirí súite	HMD
Potaí agus gaistí	Pótaí (gaistí)	FPO

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 26/2004 ón gCoimisiún an 30 Nollaig 2003 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Chomhphobail (IO L 5, 9.1.2004, lch. 25).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú. (IO: L 112, 30.4.2011, lch. 1).

▼B

IARSCRÍBHINN IV

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CE) Uimh. 104/2000	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagail 1 go 5
Airteagal 2, Airteagal 3	Airteagal 33, Airteagal 34
Airteagal 4	Airteagail 35 go 39,
Airteagal 5(1)	Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 8
Airteagail 5(2), 5(3), 5(4), agus Airteagal 6	Airteagail 14, 18 go 21
Airteagal 7	Airteagal 22 agus Airteagail 24 go 27
Airteagal 8	—
Airteagail 9 go 12,	Airteagal 28, Airteagal 29,
Airteagal 13	Airteagail 11, 12, 13, 16, 18, 20 agus 21
Airteagal 14	Airteagal 41(2)
Airteagal 15	Airteagal 23
Airteagal 16	Airteagail 24 go 27
Airteagail 17go 27	Airteagal 30, Airteagal 31 agus Airteagal 32
Airteagal 33	—
Airteagal 34	Airteagal 20(2), Airteagal 21 agus Airteagal 32
Airteagal 35	—
Airteagal 36	—
Airteagal 37	Airteagal 43
Airteagal 38, Airteagal 39	Airteagal 43
Airteagal 40	—
Airteagal 41	Airteagal 48
Airteagal 42	Airteagal 44, Airteagal 45, Airteagal 46
Airteagal 43	Airteagal 49
—	Airteagal 40
—	Airteagal 41(1)
—	Airteagal 42